M69T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

**EALAÍN**

**SCEITSEÁIL BHEO-ÁBHAIR - ARDLEIBHÉAL**

DÉ hAOINE, 10 Bealtaine, 2002 TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 3.00

Tá 50 marc ag dul don pháipéar seo.

Le hoscailt Dé hAoine, 3 Bealtaine, 2002.

**Treoracha (a) d'Fheitheoirí agus do Mhúinteoirí Ealaíne**
**(b) d'Iarrthóirí**

**(a)** Dhá sceitse den chuspa a bheidh sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag a bheidh sa chéad cheann. Líníocht a gcuirfear críoch níos iomláine uirthi agus a thógfaidh timpeall tríocha nóiméad a bheidh sa dara ceann. Níl culaith éadaigh ar leith ag teastáil ón gcuspa. Agus an scrúdú ar siúl beidh sé de chead ag an gcuspa sosanna a ghlacadh idir deich agus cúig nóiméad déag go hiomlán. Is féidir babhtaí sosa a eagrú de réir mar a oireann agus beidh siad seo san áireamh san uair an chloig iomlán a cheadaítear don scrúdú.

Deichniúr iarrthóirí ar a mhéid a cheadaítear i mbun líníochta le cuspa amháin. Ba chóir ligean d'iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa agus an dara staidiúir ar siúl.

## (b) Treoracha d'Iarrthóirí

Is féidir leat an cúlra a chur in iúl go garbh mar aon le tacaí ar bith a úsáideadh le linn ceachtar den dá staidiúir.

Is féidir aon mheán líníochta a úsáid nó aon mheán a thriomaíonn go tapa.

Scríobh d'uimhir scrúdaithe agus an leibhéal atá i gceist go soiléir ar na bileoga líníochta agat.

**Iarrtar ort dhá líníocht a dhéanamh mar a leanas:**

(i) Ní foláir **an fhíor iomlán** a bheith sa chéad líníocht, agus ba chóir í a chríochnú laistigh de 15 nóiméad.

(ii) Ní foláir líníocht le bailchríoch níos fearr uirthi a dhéanamh an dara babhta **pé acu** den chloigeann agus na guaillí amháin, **nó** den fhíor iomlán.

## An Chéad Staidiúir – Achar ama 15 nóiméad

***Tá an cuspa ina sheasamh agus***

- an chos chlé díreach agus an chos dheas ag díriú ar aghaidh
- an ghlúin chlé lúbtha agus an chos chlé ar stól íseal nó ar bhosca ar airde compordach
- an uillinn chlé luite ar an nglúin chlé
- peann luaidhe sa lámh chlé
- an uillinn dheas agus an lámh dheas ar an gcromán deas
- an cloigeann ag díriú ar aghaidh agus cuma shocair réidh

## An Dara Staidiúir – Achar ama 30 nóiméad

***Tá an cuspa ina shuí go díreach in airde ar chathaoir agus***

- an chos chlé ar an urlár
- an ghlúin dheas lúbtha agus an ghlúin dheas ardaithe agus curtha trasna na glúine clé
- na lámha dlúite ina chéile timpeall ar alt na coise deise
- an cloigeann ardaithe beagán, ag breathnú ar chlé